# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## An Ardteistiméireacht 2011

## Aistriúchán
## Ar Scéim Mharcála

# EACNAMAÍOCHT

## Gnáthleibhéal

# Eacnamaíocht – Gnáthleibhéal

**SCÉIM MHARCÁLA**
**AGUS**
**NÓTAÍ TACAÍOCHTA**
(le húsáid leis an Scéim Mharcála)

## *INNÉACS NA gCEISTEANNA*


| Uimhir | Ábhar | Lch (lgh) |
|---|---|---|
| | | |
| | **Roinn A** | **2-4** |
| | **Roinn B** | |
| **1** | **Monaplacht** | **5-8** |
| **2** | **Éileamh, Soláthar, Margaí agus Iompar** | **9-11** |
| **3** | **Costais, Pá, Ráta an Íosphá** | **12-14** |
| **4** | **Trádáil agus Turasóireacht** | **15-17** |
| **5** | **Buiséadú, Cánachas agus an Fiachas Náisiúnta** | **18-20** |
| **6** | **Ioncam Náisiúnta, Eastáit Bhánaithe agus Bonneagar** | **21-23** |
| **7** | **Airgead, Baincéireacht agus Keynes** | **24-26** |
| **8** | **Daonra, Scor agus Forbairt Eacnamaíochta** | **27-30** |


- Níl na nótaí tacaíochta atá leis seo eisiach ná críochnaitheach.
- I gcuid mhór cásanna, faightear eochairfhrásaí sna nótaí tacaíochta. Níor mhór go mbeadh na frásaí sin i bhfreagra an iarrthóra d'fhonn na marcanna sannta a fháil.
- Déanfar pointí ábhartha breise a chuirfidh na hiarrthóirí i láthair a mharcáil agus bronnfar marcanna orthu de réir a bhfiúntais.
- Is é an comhthéacs, an tslí ina gcuirtear an cheist agus líon na marcanna a shanntar don fhreagra sa scrúdpháipéar a chinneann na mionsonraí a bheidh ag teastáil i bhfreagra ar bith. Ar an ábhar sin, d'fhéadfadh riachtanais agus leithdháileadh marcanna athrú ó bhliain go bliain.

# ROINN A

**1.** Líon isteach na focail atá in easnamh sna spásanna thíos agus comhlánaigh ainmneacha na n-eagraíochtaí.

(i) **GNBS *(NAMA)*:** An Ghníomhaireacht **NÁISIÚNTA UM BAINISTÍOCHT** Sócmhainní.

**2 MHARC + 2 MHARC**

(ii) **BCB *(ECB)*: AN BANC** Ceannais **EORPAIGH.**

**3 MHARC + 3 MHARC**

(iii) **CAI *(IMF)*:** An Ciste **AIRGEADAÍOCHTA IDIRNÁISIÚNTA.**

**3 MHARC + 3 MHARC**

(16 marc)

**2.** Ainmnigh an córas geilleagrach (**Geilleagar Saorfhiontraíochta**, **Geilleagar Measctha** nó **Geilleagar Lárphleanáilte**) is mó is dócha lena mbaineann gach ráiteas díobh seo thíos:

| | RÁITEAS | CÓRAS GEILLEAGRACH |
|---|---|---|
| (i) | Baint an-mhór ag an rialtas leis an ngeilleagar. | **Lárphleanáilte** |
| (ii) | Déanann córas an mhargaidh cinneadh faoi cad a tháirgtear. | **Saorfhiontraíocht** |
| (iii) | Déanann an earnáil phoiblí agus an earnáil phríobháideach araon an táirgeacht. | **Geilleagar Measctha** |

(16 marc)

**An 1ú freagra ceart: 8 marc. An dara agus an tríú: 2 x 4 mharc an ceann**

**3.** Luaigh buntáiste eacnamaíoch **amháin** agus míbhuntáiste eacnamaíoch **amháin** a d'fhéadfadh a bheith ag baint le táillí coláistí tríú leibhéal dá dtabharfaí isteach iad.

Buntáiste eacnamaíoch amháin:

**1. Ioncam méadaithe le haghaidh coláistí.**
**2. Brú laghdaithe ar airgeadas an rialtais.**
**3. Deischostas: is féidir leis an rialtas airgeadas a tugadh do choláistí a úsáid d'úsáidí eile.**
**4. Is féidir le coláistí foireann nua a cheapadh/cúrsaí nua a thabhairt isteach.**

Míbhuntáiste eacnamaíoch amháin:


**1. D'fhéadfadh sé daoine a dhíspreagadh oideachas tríú leibhéal a fháil.**
**2. D'fhéadfadh nach mbeadh sé ina acmhainn ag teaghlaigh ísealioncaim, agus ar an ábhar sin, d'fhéadfadh na táillí a bheith éagothromasach.**
**3. Má fhreastalaíonn níos lú daoine ar an gcoláiste, d'fhéadfadh nach mbeadh an oiread céanna oideachais/scileanna ag an lucht saothair.**
**4. D'fhéadfadh sé díobháil a dhéanamh do chumas na hÉireann FDI/CINanna a mhealladh.**

(16 marc)

**An 1ú freagairt cheart: 12 mharc. An 2ú freagairt cheart: 4 mharc.**

**4.** Sa léaráid thíos taispeántar cothromaíocht fhadtréimhseach gnólachta in Iomaíocht Fhoirfe.

(a) Ainmnigh **gach ceann** de na línte **1** go **5**. Úsáid an freagarbhosca a chuirtear ar fáil.
(b) Taispeáin ar an léaráid an t-aschur a tháirgfidh an gnólacht i gcothromaíocht (úsáid lipéad **$Q_1$**).




Freagarbhosca

| Uimhir | Ainm | **Marcanna** |
|---|---|---|
| 1. | **PRAGHAS** | **2** |
| 2. | **COSTAS IMEALLACH** | **3 (2+ 1)** |
| 3. | **MEÁNCHOSTAS** | **3 (2+ 1)** |
| 4. | **ÉILEAMH/AR/MR** | **3 (2+ 1)** |
| 5. | **CANNÍOCHT** | **2** |

(16 marc)

**$Q_1$ 3 mharc (Mura luaitear $Q_1$ ach tarraingíodh líne – 1 mharc)**

**5.** Maidir leis na **bacainní ar thrádáil** seo a leanas, meaitseáil an bhacainn leis an míniú ceart.
(Tá freagra amháin déanta cheana mar léiriú ar a bhfuil le déanamh.)

| Bacainn | Míniú |
|---|---|
| **A.** Bacainní riaracháin | **1.** Íocaíocht le lucht onnmhairithe chun costais táirgthe a laghdú. |
| **B.** Trádbhac | **2.** Teorainn le cainníocht na n-earraí a allmhairítear. |
| **C.** Cuóta | **3.** Rialacha / rialacháin a bhaineann le hallmhairí. |
| **D.** Fóirdheontas | **4.** Cáin ar allmhairí. |
| **E.** Taraif | **5.** Cosc iomlán ar allmhairí. |

| BACAINN → | A | B | C | D | E |
|---|---|---|---|---|---|
| MÍNIÚ → | **3** | **5** | **2** | 1 | **4** |

(16 marc)

**An 1ú agus an 2ú freagairt cheart: 2 x 6 mharc an ceann.**
**An 3ú agus an 4ú freagairt cheart: 2 x 2 mharc an ceann.**

**6.** Mínigh an téarma **earra eacnamaíoch**. Cuir ciorcal timpeall ar an **dá** shampla d'earraí eacnamaíocha ón liosta seo thíos.

**Míniú:**

Earra atá ann atá **GANN**/a thuilleann **PRAGHAS**, atá **INAISTRITHE** agus a chuireann **ÁIRGIÚLACHT** ar fáil. (17 mharc)

**Dhá phointe eolais ar bith x 4 mharc an ceann = 8 marc.**

Ná cuir ciorcal timpeall ar níos mó ná **dhá cheann** díobh:

**Áilleacht** **Gluaisteáin** **Bia** **Éirim aigne**

**An 1ú freagairt cheart: 5 mharc. An 2ú freagairt cheart: 4 mharc.**

**7.** Bíonn tionchar ag roinnt de na tosca a shonraítear thíos ar **éileamh tomhaltóirí ar earra.**
Scríobh **FÍOR** nó **BRÉAGACH** tar éis gach abairte díobh seo a leanas. (17 mharc)

| | ABAIRT | FÍOR *nó* BRÉAGACH |
|---|---|---|
| (i) | Praghas an earra féin. | **FÍOR** |
| (ii) | An costas a bhaineann le táirgeadh an earra. | **BRÉAGACH** |
| (iii) | An staid ar a bhfuil teicneolaíocht na táirgeachta. | **BRÉAGACH** |
| (iv) | Ioncam an tomhaltóra. | **FÍOR** |

**An 1ú agus an 2ú freagairt cheart: 2 x 6 mharc.**
**An 3ú freagairt cheart: 3 mharc. An 4ú freagairt cheart: 2 mharc.**

**8.** Ceann de na haidhmeanna eacnamaíocha atá ag Rialtas na hÉireann faoi láthair ná laghdú a dhéanamh ar Chaiteachas Reatha an Rialtais.
Luaigh **trí cinn** eile d'aidhmeanna eacnamaíocha an Rialtais.

1. **Fostaíocht a mhéadú/dífhostaíocht a laghdú/FDI (CINanna) a mhealladh.**
2. **Boilsciú praghsanna a choimeád íseal – teorainn a chur ar mhéaduithe praghsanna.**
3. **Fás** (measartha) **geilleagrach a bhaint amach.**
4. **Cothromaíocht i ndáil le Comhardú na nÍocaíochtaí a bhaint amach – onnmhairí a spreagadh.**
5. **An t-easnamh reatha buiséid a laghdú** (faoi 2014).
6. **Iasachtaíocht a laghdú/an fiachas náisiúnta a rialú mar chéatadán den OTN.**
7. **Córas ceart/cóir cánachais (cothromas) a bhaint amach/an bonn cánach a mhéadú.**
8. **Forbairt chothromaithe réigiúnach a chur chun cinn.**
9. **Bonneagar na tíre a fhorbairt.**
10. **Seirbhísí an stáit a chothú/seirbhísí poiblí a dhéanamh níos éifeachtaí, i.e. seirbhísí sláinte/oideachais etc.**
11. **Dáileadh cothrom ioncaim a bhaint amach/beartas cóir sóisialta a bhaint amach.**
12. **Cobhsaíocht in earnáil bhaincéireachta na hÉireann a athbhunú.**
13. **Muinín i measc tomhaltóirí a athshlánú/tomhaltóirí a spreagadh chun tosú le hairgead a chaitheamh.**

(17 mharc)

**An 1ú freagairt cheart: 9 marc. An dara agus an tríú: 4 mharc an ceann.**

**9.** Má tá **Ioncam Náisiúnta (Y) = C + I + G = €2,400m**, ríomh an tIoncam Náisiúnta más ionann onnmhairí **(X)** agus €300m, agus más ionann allmhairí **(M)** agus €200m. (Taispeáin do chuid oibrithe go léir.)


| OIBRITHE | FREAGRA |
|---|---|
| **Y = C + I + G + X – M**<br>**Y = €2,400m + €300m - €200m** | **€ 2,500 m** |

(17 mharc)

**Gach comhpháirt: 3 fhigiúr x 3 mharc an ceann = 9 marc**
**2 chomhartha x 2 mharc an ceann = 4 mharc**
**Freagra ceart = 4 mharc**

| C1 Monaplacht |
|---|

Sa léaráid thíos taispeántar gnólacht **Monaplachta** atá i gcothromaíocht.




(a) (i) Déan cóip den léaráid i do fhreagarleabhar.
Scríobh amach gach ceann de na sé lipéad (seachas $\mathbf{Q_1}$) ina iomláine.

(ii) Táirgeann an gnólacht aschur $Q_1$ i gcothromaíocht.
Taispeáin ar do léaráid:

- an praghas a ghearrfar ar an aschur seo (úsáid lipéad $P_1$)
- meánchostas táirgeachta an aschuir seo. (úsáid lipéad $C_1$)

**(30 marc)**

| Uimh. | Teideal Iomlán: | |
|---|---|---|
| 1 | Costas Imeallach | **4 mharc (2 + 2)** |
| 2 | Meánchostas | **4 mharc (2 + 2)** |
| 3 | Ioncam Imeallach | **4 mharc (2 + 2)** |
| 4 | Meánioncam/Éileamh | **4 mharc (2 + 2)** |
| 5 | Cainníocht | **3 mharc** |
| 6 | Praghas | **3 mharc** |

(ii) Táirgeann an gnólacht aschur $Q_1$ i gcothromaíocht.
Taispeáin ar do léaráid:

- an praghas a ghearrfar ar an aschur seo (úsáid lipéad $P_1$)
- meánchostas táirgeachta an aschuir seo. (úsáid lipéad $C_1$)

| | |
|---|---|
| **$P_1$** | **an praghas a ghearrfar ar an aschur seo** |
| **$C_1$** | **meánchostas táirgeachta an aschuir seo** |

**An 1ú freagairt cheart: 4 mharc. An 2ú freagairt cheart: 4 mharc.**

(b) D’fhéadfadh fonn a bheith ar ghnólachtaí nua dul isteach i margadh monaplachta ach bíonn **bacainní ar iontráil** rompu.

(i) Luaigh **trí** cinn de na bacainní seo.

(ii) Scríobh nótaí gearra ar **gach** ceann díobh seo. **(21 mharc)**

| **Úinéireacht Phaitinní/Chóipcheart** |
|---|
| Bronnfaidh paitinn/cóipcheart an ceart aonair ar ghnólacht maidir le próiseas áirithe déantúsaíochta le haghaidh tráchtearra áirithe, e.g. táirgeadh an Apple iPad. |
| **Rialú an Rialtais/Srianta Dleathacha** |
| D’fhéadfadh an rialtas an ceart aonair a bhronnadh ar chuideachta chun earra nó seirbhís a sholáthar nó ionas gurb ann do shrianadh dleathach ar iomaíocht, e.g. bealaí Bhus Átha Cliath/seirbhísí iarnróid. |
| **Comhaontuithe agus Claonpháirteachas Trádála** |
| Is féidir le gnólachtaí comhaontuithe trádála a dhéanamh le soláthraithe eile (dul i gclaonpháirt leo) ionas nach mbeadh aon ghnólacht eile in ann an tráchtearra a sholáthar go dtí cuid áirithe den mhargadh. |
| **Úinéireacht amhábhar** |
| D’fhéadfadh cuideachta an ceart aonair fáil a bheith acu ar na hamhábhair agus tríd sin, a bheith ina monaplacht sa mhargadh áirithe sin, e.g. cuideachta um shirthreoireacht ola. |
| **Teastaíonn mórinfheistíocht chaipitil ón tionsclaíocht/Barainneachtaí scála** |
| I gcás roinnt tionscal bíonn an caipiteal a theastaíonn lena mbunú sa tionscal sin chomh mór sin nach féidir ach leis an gcuideachta ar féidir leo an caipiteal riachtanach a bhailiú feidhmiú sa mhargadh. |
| **Cumaisc/Táthcheangail** |
| Trí chumasc a dhéanamh le hiomaitheoir nó tríd an iomaitheoir a cheannach, is féidir le gnólacht a bheith mar sholáthraí monaplachta sa tionscal sin. |
| **Monaplachtaí bunaithe ar scéin, ar iallach nó ar bhagairtí** |
| D’fhéadfadh grúpa aonair nó grúpa daoine, de bharr scéine, iallaigh nó bagairtí, daoine eile a stopadh dul san iomaíocht leis an soláthraí, e.g. soláthar drugaí neamhdhleathacha. |
| **Praghsáil Teorann** |
| Is féidir le gnólacht praghsáil teorann a úsáid (díol ar phraghsanna fíor-ísle) chun iallach a chur ar iontrálaithe nua an tionscal a fhágáil ionas go mbíonn cumhacht mhonaplachta ag an ngnólacht sin i gcónaí. |
| **Iomadú brandaí ar an margadh** |
| Trí leas a bhaint as brandáil fhairsingíoch a gcuid táirgí, d’fhéadfadh gnólacht a bheith in ann a oiread sin de cheannas a ghabhadh ar an margadh go bhféadfadh na hiomaitheoirí ceapadh nach mbeidís in ann dul san iomaíocht in aon chor. |

**An 1ú freagairt cheart: 11 mharc. Luaigh: 8 marc. Mínigh: 3 mharc.**
**An 2ú agus an 3ú freagairt cheart: 2 x 5 mharc an ceann. Luaigh: 3 mharc. Mínigh: 2 mharc.**
**Sampla ann féin den bhacainn gan aon mhíniúchán: 1 mharc amháin.**

(c) Beidh ar Bhord Soláthair an Leictreachais (BSL) dul i ngleic le breis iomaíochta feasta agus b'fhéidir go ndéanfar é a phríobháidiú.
  (i) Mínigh an téarma a bhfuil líne faoi.
  (ii) Ainmnigh comhlacht **amháin** atá in iomaíocht faoi láthair le BSL i margadh soláthair an leictreachais bhaile.
  (iii) Dá ndéanfaí BSL a phríobháidiú, luaigh agus mínigh bealach amháin a rachadh an príobháidiú sin i bhfeidhm ar **dhá cheann** de na nithe seo a leanas:
  - **tomhaltóirí** BSL;
  - **fostaithe** BSL;
  - **Rialtas na hÉireann**. **(24 mharc)**

(i) Príobháidiú – **6 mharc**

Is éard is brí leis seo go ndíoltar cuideachta faoi úinéireacht an stáit le húinéirí príobháideacha. **(3 mharc + 3 mharc)**
Aistriú úinéireachta ón earnáil phoiblí faoi úinéireacht an Stáit go dtí an earnáil phríobháideach.

(ii) Bord Gáis/Airtricity: **6 mharc**

(iii) **Bealach amháin** a rachadh phríobháidiú BSL i bhfeidhm ar **dhá cheann** de na nithe seo a leanas

## TOMHALTÓIRÍ

| *Tionchair dhearfacha* | *Tionchair dhiúltacha* |
|---|---|
| **Aon 1 x 6 mharc. Luaigh: 3m. Mínigh: 3m** | |
| **1. Caighdeán/Rogha Seirbhísí**<br>D'fhéadfadh an gnólacht príobháidithe caighdeán/éifeachtacht/rogha na seirbhíse a sholáthraítear a fheabhsú. | **1. Caillteanas seirbhísí neamhbhrabúsmhara.**<br>D'fhéadfadh an chuideachta deireadh a chur le seirbhísí neamhbhrabúis mar iarracht na costais a laghdú, e.g. an soláthar do dhaoine ag a bhfuil riaráistí ina n-íocaíochtaí. |
| **2. Praghsanna níos iomaíche**<br>D'fhéadfadh an gnólacht praghsanna níos iomaíche a thairiscint ar a mbealaí/seirbhísí éagsúla. | **2. Caighdeán na seirbhísí**<br>D'fhéadfadh caighdeán na seirbhísí a sholáthraíonn an chuideachta dul in olcas ar mhaithe le costais a choigilt. |
| **3. Leanúnachas an tsoláthair**<br>D'fhéadfadh rochtain a bheith ag an gcuideachta nuaphríobháidithe ar fhoinsí nua cistí agus toisc nach bhfuil siad faoi réir suaitheadh rialtais, d'fhéadfadh feabhsú teacht ar a gcuid ionchais fhadtéarmacha – chinnteodh sé seo leanúnachas an tsoláthair do na tomhaltóirí. | **3. Sainrogha phearsanta le freastal ar éilimh na scairshealbhóirí**<br>D'fhéadfaí béim ní ba mhó a leagan ar fhreastal ar ionchais na scairshealbhóirí seachas barr feabhais a chur ar chaighdeán na seirbhíse do na custaiméirí. |
| | **4. Praghsanna méadaithe/Táillí le haghaidh seirbhísí**<br>Mar chuid d'iarracht leis na brabúis a mhéadú, d'fhéadfadh an gnólacht nua na praghsanna a mhéadú le haghaidh roinnt seirbhísí a chuirtear ar fáil/táillí a ghearradh ar sheirbhísí ar síleadh go raibh siad 'saor in aisce', e.g. aonaid shaora in aisce leictreachais do phinsinéirí seanaoise. |

## FOSTAITHE

| *Tionchair dhearfacha* | *Tionchair dhiúltacha* |
|---|---|
| **Aon 1 x 6 mharc. Luaigh: 3m. Mínigh: 3m** | |
| **1. Luaíocht/Dreasacht i gcomhair na nuálaíochta.** D'fhéadfadh fostaithe níos mó luachanna saothair a ghnóthú as a gcuid nuálaíochta, i.e. bónais ní b'airde, etc. | **1. Caillteanas poist/cinnteacht laghdaithe poist.** Is é an baol is mó caillteanas a bpoist trí chuíchóiriú seirbhísí. |
| **2. Deiseanna Fostaíochta** Dá méadódh an gnólacht a sciar den mhargadh, d'fhéadfadh fás teacht faoin bhfostaíocht/cinnteacht bhreise phoist a bheith ann. | **2. Timpeallacht athraithe oibre/ Caillteanas sochar** D'fhéadfadh an gnólacht coinníollacha fostaíochta a fhostaithe a athrú nó go mbeidís ní ba mheasa ná mar a bhíodh roimhe. |
| **3. Iomarcaíocht dheonach** Tharlódh go dtairgfear sochair bhreise airgeadais d'fhostaithe ar mian leo dul ar scor go luath d'fhonn a bpinsin a bhreisiú. | **3. Ciorrúchán ar mhéaduithe pá/pinsin** D'fhéadfadh na húinéirí nua teorainn a chur leis an bpá/leis na dliteanais phinsin atá dlite dá bhfostaithe. |

## AN RIALTAS

| *Tionchair dhearfacha* | *Tionchair dhiúltacha* |
|---|---|
| **Aon 1 x 6 mharc. Luaigh: 3m. Mínigh: 3m** | |
| **1. Ioncam ón Díolachán** D'fhéadfadh an t-ioncam a eascródh as an díolachán a bheith ina bhonn le laghdú ar iasachtaíocht stáit/cistí a chur ar fáil le haghaidh gníomhaíochtaí eile stáit. | **1. Caillteanas rialaithe** Cailleann an rialtas rialú díreach ar an tseirbhís/cailleann an rialtas sócmhainn luachmhar straitéiseach stáit. |
| **2. Deiseanna do shaoránaigh a bheith ina scairshealbhóirí** D'fhéadfadh gur mhian leis an rialtas go ndéanfaí scairshealbhóirí de shaoránaigh agus go méadófaí coigiltí dá bharr. | **2. D'fhéadfadh an rialú dul lasmuigh den stát** Má cheannaíonn cuideachta lasmuigh den stát an gnólacht, braitheann soláthar na seirbhíse ar bhrabúsacht agus mura dtuilltear seo d'fhéadfaí deireadh a chur leis an tseirbhís. |
| **3. Ligeann don earnáil phríobháideach dul faoi bhorradh** Trí imeacht ón margadh, ceadaíonn an stát anois d'fhiontraithe príobháideacha áit a fháil ar an margadh. | **3. Méadú ar an dífhostaíocht** Má tharlaíonn seo, d'fhéadfadh caiteachas méadaithe leasa shóisialaigh a bheith mar thoradh air, as a n-eascróidh dísciú breise ar acmhainní an stáit. |
| **4. Coimeádann an rialtas páirt-úinéireacht** Is féidir leis an rialtas urlámhas ar bhonneagar straitéiseach a choimeád, e.g. línte tarchuir leictreachais. | **4. Caillteanas ioncaim amach anseo** Caillfidh an stát ioncam amach anseo ó iarchomhlachtaí déanta brabúis stáit. |


## C2 Éileamh, Soláthar, Margaí agus Iompar

Taispeánann an t-eolas thíos an t-éileamh a mheastar a bheidh ar scáthanna fearthainne le linn Fhéile Cheoil Oxegen in 2011 agus an sceideal soláthair atá pleanáilte don fhéile.

| **Praghas €** | **Cainníocht a Éilítear (aonaid)** | **Cainníocht a Sholáthraítear (aonaid)** |
|---|---|---|
| 1.00 | 600 | 200 |
| 2.00 | 500 | 300 |
| 3.00 | 400 | 400 |
| 4.00 | 300 | 500 |
| 5.00 | 200 | 600 |

Bain úsáid as an eolas thuas agus as léaráid **amháin** (féadfaidh tú grafpháipéar a úsáid más mian leat) agus:

(a) (i) Tarraing cuar éileamh an mhargaidh ar scáthanna fearthainne agus cuir lipéad air;
(ii) Tarraing cuar sholáthar an mhargaidh do na scáthanna fearthainne agus cuir lipéad air;
(iii) Taispeáin ar do léaráid:
- praghas cothromaíochta an mhargaidh ar na scáthanna fearthainne
- cainníocht chothromaíochta an mhargaidh do na scáthanna fearthainne. **(25 mharc)**




**Graf: D/C: 4 phointe x 2 mharc an ceann = 8 marc** (ní áirítear na haonaid '€3' agus '400').

**S/C: 4 phointe x 2 mharc an ceann = 8 marc** (ní áirítear na haonaid '€3' agus '400').

**Lipéid: P, Q, D/C and S/C = 4 mharc** (4 x 1 mharc).

**$P_e$ agus $Q_e$ : An 1ú freagairt cheart: 3 mharc. An 2ú freagairt cheart: 2 mharc.**

**(1 mharc an ceann má tharraingítear línte ach gan $P_e$ agus $Q_e$ a lipéadú).**

(b) Is féidir go n-athródh cuar an éilimh **NÓ** cuar an tsoláthair le haghaidh scáthanna fearthainne ar dheis nó ar clé mar gheall ar na nithe seo a leanas:

- titim throm bháistí gan choinne le linn Fhéile Cheoil Oxegen;
- briseadh anuas na príomhthrucaile soláthair atá ag iompar scáthanna fearthainne go dtí an fhéile.

Maidir le **gach** ceann de na ráitis thuas, freagair na **trí** cheist seo a leanas:

(i) luaigh cé acu cuar an éilimh **nó** cuar an tsoláthair a athróidh;
(ii) luaigh cé acu ar dheis **nó** ar clé a athróidh an cuar a luann tú;
(iii) mínigh cén fáth ar athraigh an cuar sa treo a luann tú.

**(20 marc)**

| | **Titim throm bháistí gan choinne** | **Marc** | **Briseadh anuas na príomhthrucaile soláthair** | **Marc** |
|---|---|---|---|---|
| D/C nó S/C? | **Cuar an Éilimh** | **3** | **Cuar an tSoláthair** | **3** |
| Athrú ar dheis nó ar chlé? | **Ar dheis** | **3** | **Ar chlé** | **3** |
| Míniúchán | • **Beidh scáthanna fearthainne de dhíth/ag teastáil ó bhreis daoine**<br>• **agus tiocfaidh breisiú ar an éileamh orthu, mar gheall air sin**<br>nó<br>• **athróidh an D/C ar dheis** | **2**<br><br>**2** | • **Cuirfear níos lú scáthanna fearthainne ar fáil de bharr an bhriste anuas**<br>• **agus tiocfaidh titim ar an soláthar dá thairbhe**<br>nó<br>• **athróidh an S/C ar chlé** | **2**<br><br>**2** |
| | | **10** | | **10** |

(c) Tá oscailt na stráicí nua mótarbhealaí idir Baile Átha Cliath agus cathracha eile na hÉireann tar éis dul i bhfeidhm ar an éileamh ar thaisteal traenach in Éirinn.

(i) Tabhair breac-chuntas ar bhuntáiste eacnamaíoch **amháin** NÓ ar mhíbhuntáiste eacnamaíoch **amháin** a d'fhéadfadh an pobal a bhaint as na mótarbhealaí nua seo a bheith ann.

(ii) Luaigh agus mínigh **dhá** bheart a d'fhéadfadh Iarnród Éireann a dhéanamh chun an t-éileamh ar a gcuid seirbhísí a mhéadú.

(iii) Mínigh **dhá** bhuntáiste do gheilleagar na hÉireann a thiocfadh as méadú ar an úsáid a bhaintear as an gcóras iompair poiblí (a chuireann leithéidí Iarnród Éireann ar fáil) seachas iompar príobháideach.

**(30 marc)**

(i) Tabhair breac-chuntas ar bhuntáiste eacnamaíoch **amháin** NÓ ar mhíbhuntáiste eacnamaíoch **amháin** a d'fhéadfadh an pobal a bhaint as na mótarbhealaí nua seo a bheith ann.

| **Buntáiste eacnamaíoch féideartha** | **Míbhuntáiste eacnamaíoch féideartha** |
|---|---|
| **1. Iompar níos Sábháilte**<br>D'fhéadfadh baol níos lú a bheith ann i leith timpistí leis na mótarbhealaí feabhsaithe. | **1. Gníomhaíocht laghdaithe gheilleagrach**<br>D'fhéadfadh na bailte sin a seachnaíonn na bóithre iad a bheith thíos le laghdú ar ghníomhaíocht ghnó mar aon le caillteanais phost mar thoradh air seo. |
| **2. Turais níos tapúla/rochtain gan stró**<br>Cabhróidh bóithre níos fearr le tiománaithe luas níos mó a bhaint amach agus a gcinn scríbe a bhaint amach níos luaithe dá bharr. Tá rochtain ar an uile réigiún go héasca. | **2. An fhéidearthacht go mbeidh dolaí ann**<br>D'fhéadfadh go mbeadh ar lucht úsáidte na mótarbhealaí nua dolaí a íoc chun leas a bhaint as na bóithre nua. |
| **3. Nós feabhsaithe maireachtála**<br>Ní bheidh an oiread céanna plódú tráchta le sonrú ag muintir na mbailte sin a seachnaíonn na bóithre iad, agus ar an ábhar sin, tharlódh go dtiocfadh feabhas ar a nós maireachtála. | **3. Damáiste don chomhshaol**<br>D'fhéadfaí na mótarbhealaí nua a leagan i gceantair ina ndéanfar damáiste don chomhshaol, e.g. gabhann an M3 trí Theamhair sa Mhí. |
| **4. Fostaíocht/Ioncam Rialtais**<br>Cruthaítear seo trí bhóithre a chothabháil agus trí tháillí dola a bhailiú.<br>Má bhaineann breis daoine leas as na bóithre baileoidh an rialtas breis CBL agus dleachtanna máil. | **4. Deischostas**<br>D'fhéadfadh tearcúsáid na mbóithre a bheith ina toradh ar chostais bhreise ar an stát/d'fhéadfaí an t-airgead a chaitheamh ar fheidhmeanna eile. |
| **1 phointe x 6 mharc. Luaigh: 3 mharc. Mínigh: 3 mharc** | |

(ii) Luaigh agus mínigh **dhá** bheart a d'fhéadfadh Iarnród Éireann a dhéanamh chun an t-éileamh ar a gcuid seirbhísí a mhéadú.

1. **Praghsanna a laghdú**: d'fhéadfadh táillí laghdaithe níos mó custaiméirí a mhealladh chun leas a bhaint as taisteal ar an iarnród.
2. **Dreasachtaí le haghaidh taistealaithe rialta ar an iarnród:** d'fhéadfadh cláir luaíochta dílseachta breis daoine a mhealladh chun úsáide.
3. **Fógraíocht/Promóisean Díolacháin:** feachtas a d'fhéadfadh breis daoine a spreagadh chun leas a bhaint as iompar ar iarnród.
4. **Minicíocht mhéadaithe ar thraenacha:** a bheith oiriúnach do chustaiméirí, e.g. taistealaithe gnó; an lucht siopadóireachta; mic léinn etc.
5. **Caighdeán na seirbhíse a fheabhsú/rochtain fheabhsaithe:**
A cheadú do chustaiméirí suíocháin a chur in áirithe roimh ré; bia ardchaighdeáin a chur ar fáil ar phraghsanna iomaíocha etc. An gréasán iarnróid a fhorbairt ionas go mbeidh rochtain ar an uile chuid den tír.

**2 phointe x 6 mharc an ceann. Luaigh: 3 mharc an ceann. Mínigh: 3 mharc an ceann.**

(iii) Mínigh **dhá** bhuntáiste do gheilleagar na hÉireann a thiocfadh as méadú ar an úsáid a bhaintear as an gcóras iompair poiblí (a chuireann leithéidí Iarnród Éireann ar fáil) seachas iompar príobháideach.

1. **Plódú laghdaithe tráchta:** ag eascairt as líonta laghdaithe daoine ag baint leasa as iompar príobháideach.
2. **Astuithe laghdaithe carbóin:** ag eascairt as damáiste laghdaithe á dhéanamh don chomhshaol.
3. **Úsáid laghdaithe as breoslaí iontaise:** má úsáideann tuilleadh daoine iompar poiblí tiocfaidh laghdú ar úsáid breoslaí iontaise dá thairbhe, agus déanfar acmhainní ganna a shábháil dá bharr.
4. **Sábháilteacht fheabhsaithe:** de bharr go bhfuil níos lú daoine ag baint leasa as na bóithre, d'fhéadfadh an laghdú seo a bheith ina thoradh ar líon laghdaithe tionóiscí.
5. **Úsáid fheabhsaithe as seirbhísí/Barainneachtaí scála:**
D'fhéadfadh brabús feabhsaithe a bheith le sonrú ar bhonneagar infheistíochta (an stáit)/d'fhéadfadh laghdú teacht ar chostas chur ar fáil na seirbhíse má bhaineann breis daoine leas as an tseirbhís.
6. **Allmhairí laghdaithe:** tharlódh go mbeadh éileamh ní ba lú ar ghluaisteáin agus allmhairí laghdaithe mar gheall air seo, agus bheadh seo ina bhonn le feabhas a chur ar chomhardú na trádála dár gcuid.
7. **Costas níos lú maireachtála:** ní bheidh ar thomhaltóirí íoc as cánacha éagsúla – CCF, CBL agus dleachtanna máil.
8. **Méadú ar an bhfostaíocht:** d'fhéadfadh tuilleadh oibrithe a bheith ag teastáil agus is é ioncam cánach méadaithe/caitheamh laghdaithe ar leas sóisialach a bheadh ina thoradh air seo.

**2 phointe x 6 mharc an ceann. Luaigh: 3 mharc an ceann. Mínigh: 3 mharc an ceann.**

| C3 Costais, Pá, Ráta an Íosphá |
|---|

(a) Bíonn caipiteal ag teastáil ó mhiondíoltóir chun dul i mbun gnó. Ina theannta sin caithfidh miondíoltóir stoc a cheannach le díol, pá a íoc agus cíos ar áitreabh a íoc.

(i) Mínigh an téarma 'caipiteal' mar thoisc tháirgeachta.
(ii) Sainmhínigh na téarmaí **costais sheasta** agus **costais athraitheacha**.
(iii) Luaigh cé acu an sampla de chostas seasta nó de chostas athraitheach iad gach ceann de na **trí** chostas thuas a bhfuil líne fúthu.

**(25 mharc)**

(i) Caipiteal: **6 mharc**

Aon rud atá **de dhéantús an duine** a chabhraíonn i **dtáirgeadh aschuir**.

**4 mharc** **2 mharc**

(ii) + (iii)
(iii)

| Costais Sheasta | **Marcanna** | Costais Athraitheacha | **Marcanna** |
|---|---|---|---|
| costais **nach n-athraíonn de réir mar a athraíonn an t-aschur** *nó* **na costais sin a gcaithfear a íoc, fiú mura dtáirgtear aon rud** | **4 mharc**<br>**1 mharc** | costais **a athraíonn de réir mar a athraíonn an t-aschur** | **4 mharc**<br>**1 mharc** |
| Cíos | **3 mharc** | Stoc | **3 mharc** |
| | | Pá | **3 mharc** |

(b) Tá laghdú tar éis teacht ar leibhéil an phá san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach araon in Éirinn.

(i) Mínigh **gach** ceann de na téarmaí a bhfuil líne fúthu agus luaigh sampla **amháin** de phost i ngach earnáil díobh.
(ii) Déan plé ar **dhá** bhealach eacnamaíocha a bhféadfadh an titim i leibhéil an phá dul i bhfeidhm ar **gach** ceann de na nithe seo a leanas:

- Gnólachtaí;
- Cúrsaí irgeadais n ialtaisR

**(25 mharc)**

(i) Mínigh **gach** ceann de na téarmaí a bhfuil líne fúthu agus luaigh sampla **amháin** de phost i ngach earnáil díobh.

**An earnáil phoiblí: 5 mharc (3 + 2 mar shampla)**
An chuid sin den gheilleagar a dhéanann **na comhlachtaí stáit/ranna rialtais a reáchtáil**, de ghnáth chun seirbhísí a sholáthar dá saoránaigh. Déanann an stát é seo a rialú.

Sampla: múinteoir

**An earnáil phríobháideach: 4 mharc (2 + 2 mar shampla)**
An chuid sin den gheilleagar a dhéanann **daoine príobháideacha aonair nó grúpaí a reáchtáil** agus nach bhfuil faoi rialú an stáit.

Sampla: oibrí siopa

(ii) Déan plé ar **dhá** bhealach eacnamaíocha a bhféadfadh an titim i leibhéil an phá dul i bhfeidhm ar **gach** ceann de na nithe seo a leanas:

- Gnólachtaí;
- Cúrsaí airgeadais an Rialtais

| **Bealaí eacnamaíocha a bhféadfadh an titim i leibhéil an phá dul i bhfeidhm orthu seo a leanas:** | |
|---|---|
| **Gnólachtaí** | **Cúrsaí airgeadais an Rialtais** |
| **1. Praghsanna laghdaithe/Praghsanna níos ísle**<br>Tiocfaidh titim ar an gcostas táirgthe as a n-eascróidh brabúis níos mó le haghaidh gnólachtaí. Agus titim ag teacht ar chostais, d'fhéadfadh gnólachtaí éirí níos iomaíche, agus d'fhéadfadh praghsanna níos ísle a bheith ina thairbhe air seo. | **1. Caiteachas laghdaithe reatha**<br>Tiocfaidh titim ar an bpárolla le haghaidh oibrithe san earnáil phoiblí, agus laghdóidh sé seo caiteachas an rialtais.<br>Má dhéantar níos mó oibrithe a fhostú, tiocfaidh titim ar an méid íocaíochtaí leasa shóisialaigh a íoctar. |
| **2. Leanúnachas an táirgthe**<br>D'fhéadfadh na costais laghdaithe lámh chúnta a thabhairt do na gnólachtaí leanúint leis an táirgeadh. | **2. Iasachtaíocht laghdaithe**<br>D'fhéadfadh an párolla níos ísle don earnáil phoiblí cúnamh a thabhairt don rialtas a gcuid iasachtaíochta a laghdú. |
| **3. Saothar breise a fhostú**<br>Agus costais níos ísle pá i gceist, d'fhéadfadh seo ceadú don ghnólacht breis saothair a fhostú. | **3. Ioncam laghdaithe cánach dírí**<br>Agus ioncam níos ísle i gceist, tiocfaidh titim ar ioncam cánach dírí, e.g. cáin ioncaim. Ina theannta sin, má thagann meath ar ghníomhaíocht ghnó, d'fhéadfadh meath teacht ar an méid CPTanna. |
| **4. Éileamh laghdaithe ar aschur**<br>Tiocfaidh titim ar ioncam indiúscartha agus leibhéil an phá ag titim. Beidh éileamh laghdaithe ar aschur an ghnólachta de thoradh air seo. | **4. CBL laghdaithe/Ioncam dleacht mháil**<br>Laghdóidh ioncam laghdaithe indiúscartha an caiteachas. Beidh laghdú ar an ioncam seo mar thoradh air seo. |
| **5. Deacrachtaí maidir le folúntais poist a líonadh** →<br>Má thiteann leibhéil phá faoi phointe áirithe, d'fhéadfadh gurbh fhearr do dhaoine, i dtaobh cúrsaí airgeadais de, sochair stáit a bhaint agus d'fhéadfadh gnó a bheith gann ó thaobh foirne de agus gan a bheith in ann earraí/seirbhísí a chur ar fáil mar thoradh air seo. | **5. Tionchar ar íocaíochtaí leasa shóisialaigh**<br>Má fhostaíonn fostóirí níos mó saothair trí rátaí pá a laghdú, tiocfaidh titim ar an méid íocaíochtaí leasa shóisialaigh agus tiocfaidh breis agus broghadh ar ioncam ó cháin. |
| **2 x 4 mharc an ceann.**<br>**Luaigh: 2 mharc. Mínigh: 2 mharc.** | **2 x 4 mharc an ceann.**<br>**Luaigh: 2 mharc. Mínigh: 2 mharc.** |

(c) Sa Cháinaisnéis a thug an Rialtas isteach i Nollaig 2010, laghdaíodh an t-íosphá náisiúnta ó €8.65 go dtí €7.65 san uair.

(i) Mínigh an téarma a bhfuil líne faoi.

(ii) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** chúis eacnamaíocha, dar leat féin, ar laghdaíodh an t-íosphá náisiúnta.

(iii) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bhealach eacnamaíocha a bhféadfadh an laghdú seo dul i bhfeidhm ar lucht oibre na hÉireann. **(25 mharc)**

(i) An t-íosphá: **5 mharc**

An **pá is ísle** nach mór d'fhostóirí a íoc lena gcuid fostaithe, **de réir an dlí**.

**2 mharc** **3 mharc**

(ii) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** chúis eacnamaíocha, dar leat féin, ar laghdaíodh an t-íosphá náisiúnta.

1. **Costais laghdaithe/iomaíochas a athshlánú:** tá gnólacht in ann leanúint ar aghaidh ag feidhmiú trí chostais a laghdú/ligeann sé seo do ghnólacht brabúis níos mó a bhaint amach.
2. **Praghsanna a laghdú:** agus na costais táirgthe ag dul i laghad, seans go bhféadfadh an gnólacht praghsanna a laghdú.
3. **Fostaíocht a mhéadú:** d'fhéadfadh saothar níos saoire gnólachtaí a spreagadh chun breis saothair a fhostú.
4. **Infheistíocht a mhealladh:** d'fhéadfadh costais laghdaithe phá gnólachtaí eachtracha a spreagadh lonnú in Éirinn.
5. **CINanna a spreagadh fanacht in Éirinn:**
D'fhéadfadh níos lú CINanna eachtracha athlonnú lasmuigh d'Éirinn má laghdaítear costais phá.

**2 x 5 mharc an ceann = 10 marc.**
**Luaigh: 2 mharc. Mínigh: 3 mharc**

(iii) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bhealach eacnamaíocha a bhféadfadh an laghdú seo dul i bhfeidhm ar lucht oibre na hÉireann.

1. **Caighdeán níos ísle maireachtála:** laghdófar ioncam agus beidh caighdeán níos ísle maireachtála de thoradh air seo.
2. **Táirgiúlacht níos lú:** d'fhéadfadh oibrí braistint nárbh fhiú an oiread céanna dua a chaitheamh lena c(h)uid oibre má laghdaítear an pá.
3. **Dreasacht laghdaithe chun oibre:** d'fhéadfadh oibrithe a chinneadh nach leor luach saothair na hoibre agus an cinneadh a dhéanamh a bpost a chaitheamh in aer agus brath ar leas sóisialach ina ionad sin.
4. **Méadú ar fhiachas/riaráiste morgáiste/an mbochtaineacht:** agus ioncam níos ísle i gceist, d'fhéadfadh go mbeadh ar an oibrí airgead a fháil ar iasacht chun íoc as costais laethúla mhaireachtála; deacrachtaí morgáistí a aisíoc agus thiocfadh méadú ar bhochtaineacht fhadtéarmach mar thoradh air seo.
5. **Níos lú am fóillíochta:** D'fhéadfadh oibrithe a bheith sásta glacadh le poist bhreise agus oibriú ar feadh breis uaireanta d'fhonn caighdeáin mhaireachtála a chothú ach fágann seo níos lú ama le haghaidh an teaghlaigh agus an tsaoil shóisialta.

**2 x 5 mharc an ceann = 10 marc.**
**Luaigh: 2 mharc. Mínigh: 3 mharc**

## C4 Trádáil agus Turasóireacht

Tugtar an t-eolas seo a leanas duit maidir le trádáil tíre.

| **Onnmhairí Sofheicthe** € milliún | **Allmhairí Sofheicthe** € milliún | **Comhardú na Trádála** € milliún | **Barrachas** *nó* **Easnamh** |
|---|---|---|---|
| **24,000** | **23,600** | **400** | **Barrachas** |

(i) Mínigh na téarmaí 'onnmhairí sofheicthe' **agus** 'allmhairí sofheicthe' **agus** tabhair sampla **amháin** i ngach cás, agus tú ag tagairt d'Éirinn.

(ii) Má thagann méadú €600m ar leibhéal na n-allmhairí sofheicthe a luaitear thuas, ríomh an figiúr nua do Chomhardú na Trádála (taispeáin do chuid oibre).

(iii) Luaigh cé acu barrachas nó easnamh é an figiúr nua seo do Chomhhardú na Trádála agus mínigh do fhreagra. **(25 mharc)**

(i) Mínigh na téarmaí '**onnmhairí sofheicthe**' agus '**allmhairí sofheicthe**' agus tabhair sampla **amháin** i ngach cás.

| | **Onnmhairí sofheicthe** | **Allmhairí sofheicthe** |
|---|---|---|
| Míniúchán | Díol earraí Éireannacha thar lear/ le tomhaltóirí lasmuigh d'Éirinn | Ceannach earraí eachtracha ó thar lear/ag tomhaltóirí Éireannacha |
| | **5 mharc (3 + 2)** | **5 mharc (3 + 2)** |
| Sampla | • Díol mhairteoil na hÉireann thar lear.<br>• Díol páirteanna ríomhaire thar lear.<br>• Díol Guinness/ Baileys ar margaí eachtracha. | • Ceannach gluaisteán eachtracha.<br>• Ceannach bianna eachtracha.<br>• Ceannach éadaí ón tSín. |
| | **Sampla amháin: 2 mharc** | **Sampla amháin: 2 mharc** |

(ii) **7 mharc**

Onnmhairí Sofheicthe = €24,000m
Lúide: Allmhairí Sofheicthe: €23,600m + €600m = €24,200m
(€200m)

(iii) Tá athrú tagtha ar Chomhardú na Trádála agus tá **easnamh** ann anois. **2 mharc**
De bharr go **sáraíonn** allmhairí (sofheicthe) onnmhairí (sofheicthe). **2 mharc**

(b) Braitheann Éire ar an trádáil idirnáisiúnta toisc go bhfuil geilleagar beag oscailte aici.

(i) Mínigh an téarma a bhfuil líne faoi.
(ii) Luaigh agus mínigh **trí** chúis eacnamaíocha a gcaithfidh Éire gabháil trádáil a dhéanamh.

**(20 marc)**

(i) Geilleagar beag oscailte: **5 mharc**
Geilleagar a théann i ngleic leis an trádáil/allmhairí agus onnmhairí.

(ii) Luaigh agus mínigh **trí** chúis eacnamaíocha a gcaithfidh Éire gabháil trádáil a dhéanamh.

**1. Cruthú post.**
Nuair is ann d'onnmhairí is ann d'éileamh méadaithe ar earraí a táirgeadh in Éirinn, chomh maith le fostaíocht mhéadaithe dá bharr.

**2. Méadú ar an GNP/Fás geilleagrach [buntáiste don tír]**
Eascróidh ioncam méadaithe laistigh den tír as an airgead a fhaightear ó onnmhairí.

**3. Díolacháin mhéadaithe [sochar don ghnólacht]**
D'fhéadfadh gnólachtaí intíre a gcuid brabús agus díolachán a mhéadú trína n-aschur barrachais a onnmhairiú ar mhargadh eachtrach.

**4. Airgeadraí eachtracha a thuilleamh**
Is féidir le fáil airgeadraí eachtracha cur le cúlchistí Éireannacha/an t-airgeadas a chur ar fáil chun cabhrú íoc as allmhairí na hÉireann.

**5. Infheistíocht a mhealladh**
Feabhsóidh tréanonnmhairí an mhuinín as an tír agus d'fhéadfaidís cuidiú le hinfheistíocht a mhealladh go hÉirinn.

**6. Rogha níos fairsinge le haghaidh tomhaltóirí/caighdeán níos airde maireachtála**
Tá rogha i bhfad níos fairsinge d'earraí agus de sheirbhísí ag tomhaltóirí, tríd an bhfáil atá ar allmhairí, e.g. torthaí coimhthíocha; saoirí eachtracha etc.

**7. Amhábhar nach bhfuil ar fáil in Éirinn**
Níl fáil ar amhábhair áirithe in Éirinn agus ní mór iad a allmhairiú, e.g. ola.
Ní oireann aeráid na hÉireann do tháirgeadh roinnt barr, i.e. oráistí.

**8. Clú feabhsaithe idirnáisiúnta**
Déanfaidh earraí agus seirbhísí ardchaighdeáin a dhíol thar lear le clú na tíre a fheabhsú mar aon le sochair eile a a chruthú don tír.

**3 x 5 mharc an ceann. Luaigh: 2 mharc. Mínigh: 3 mharc.**

(c) Sampla d'onnmhaire dhofheicthe is ea cuairteoirí ó thar lear a thagann chun na hÉireann.

(i) Mínigh an téarma a bhfuil líne faoi.
(ii) Luaigh agus mínigh **dhá** bhuntáiste do gheilleagar na hÉireann a thiocfadh as méadú ar líon na gcuairteoirí ó thar lear a thagann chun na hÉireann.
(iii) Luaigh agus mínigh **dhá** bheart a d'fhéadfadh Tionscal Turasóireachta na hÉireann a dhéanamh chun cuairteoirí a mhealladh chun na hÉireann. **(30 marc)**

(i) Onnmhaire dhofheicthe: **6 mharc**

Ceannach **seirbhíse Éireannaí (4)** ag **saoránach eachtrach/tagann an t-airgead a fhad le hÉirinn (2)**

(ii) **Dhá** bhuntáiste do gheilleagar na hÉireann a thiocfadh as méadú ar líon na gcuairteoirí ó thar lear a thagann chun na hÉireann.

**1. Méadú ar an bhfostaíocht**
Cruthófar tuilleadh post sa tionscal óstán/bialann agus lónadóireachta.

**2. Méadú ar ioncam/GNP**
Caitheann turasóirí ioncam in Éirinn agus méadaíonn seo an sreabhadh ciorclach ioncaim.

**3. Buntáistí don ghnó**
Brabúsacht fheabhsaithe do ghnólachtaí laistigh den tionscal turasóireachta
Beidh todhchaí nach mbeidh chomh neamhchinnte céanna i ndán d'óstáin, do bhialanna agus do thithe tábhairne agus tiocfaidh méadú ar an éileamh ar a gcuid seirbhísí.

**4. Ioncam cánach**
Cuirfidh fostaíocht mhéadaithe breis le hioncam cánach dírí agus cuirfidh caiteachas méadaithe le hioncam cánach indírí.

**2 phointe x 6 mharc an ceann. Luaigh: 3 mharc. Mínigh: 3 mharc**

(iii) **Dhá** bheart is féidir le Tionscal Turasóireachta na hÉireann a dhéanamh chun cuairteoirí a mhealladh.

**1. Táillí eitilte a laghdú**
Ní chosnódh sé an oiread céanna ar thurasóirí teacht ar cuairt go hÉirinn.

**2. Fógraíocht**
Caitheamh a mhéadú ar fhógraíocht idirnáisiúnta d'fhonn níos mó daoine a mhealladh chun cuairt a thabhairt ar an tír, e.g. feachtais reatha fógraíochta i SAM, sa RA agus sa Ghearmáin. Díriú ar mhargaí sonracha, ar nós díograiseoirí gailf agus eachaíochta, chun teacht ar cuairt go hÉirinn.

**3. Praghsanna níos iomaíche ar lóistín/ithe i mbialann etc.**
D'fhéadfaí praghsanna speisialta a chur ar fáil le haghaidh turasóirí ar lóistín, ar bhia, ar iompar etc. agus d'fhéadfadh sé seo daoine a mhealladh chun teacht ar cuairt, e.g. praghsanna laghdaithe le haghaidh biachláir thurasóirí i mbialanna.

**4. Cur chun cinn speisialta**
Dearbháin phraghasghearrtha/cúpóin in irisleabhair/nuachtáin eachtracha a d'fhéadfadh turasóirí a úsáid má thugann siad cuairt ar Éirinn. D'fhéadfaí saorthaisteal ar iompar poiblí le haghaidh turasóirí eachtracha dóibh siúd atá breis agus 65 bliain d'aois a thabhairt isteach athuair.

**5. Gluaisteáin ar cíos**: d'fhéadfaí an praghas ar ghluaisteáin ar cíos a fhóirdheonú agus d'fhéadfadh seo eachtrannaigh a spreagadh chun cuairt a thabhairt.

**6. Brústocaireacht tionsclaíochta an Rialtais**
D'fhéadfadh an tionscal brústocaireacht a dhéanamh don rialtas d'fhonn bearta a thabhairt isteach a d'fhéadfadh lámh chúnta a thabhairt don tionscal, e.g. cabhrú le feachtas fógraíochta (Éire Crp.); laghdú ar tháillí iompair phoiblí; an cháin iompair a laghdú; CBL a laghdú le haghaidh táirgí/seirbhísí a bhaineann leis an turasóireacht etc.

**2 phointe x 6 mharc an ceann. Luaigh: 3 mharc. Mínigh: 3 mharc**

## C5 Buiséadú, Cánachas agus an Fiachas Náisiúnta

(a) I Nollaig 2010 bhí €11.5m d'Easnamh ar an mBuiséad Reatha ag Rialtas na hÉireann, toisc gurbh é €36.9m Ioncam Reatha an Rialtais agus gurbh é €48.4m Caiteachas Reatha an Rialtais.

(i) Mínigh **gach** ceann de na téarmaí a bhfuil líne fúthu.
(ii) Luaigh **dhá** shampla d'Ioncam Reatha an Rialtais agus **dhá** shampla de Chaiteachas Reatha an Rialtais. **(25 mharc)**

**(i)** Easnamh ar an mBuiséad Reatha – **5 mharc**

**Sáraíonn caiteachas reatha an rialtais ioncam reatha an rialtais.**

**1 1 1 1 1**

Ioncam reatha an rialtais – **4 mharc**

**Ioncam a fuair an rialtas ar bhonn leanúnach/lá go lá.**

**2 mharc 2 mharc**

Caiteachas reatha an rialtais – **4 mharc**

**Caiteachas an rialtais ar bhonn leanúnach/lá go lá.**

**2 mharc 2 mharc**

(ii) **Dhá** shampla (an ceann) díobh seo a leanas:

| Ioncam Reatha an Rialtais | Caiteachas Reatha an Rialtais |
|---|---|
| 1. Ioncam cánach dírí (nó sampla)<br>2. Ioncam cánach indírí (nó sampla)<br>3. Fáltais an chrannchuir náisiúnta.<br>4. Ús ar iasachtaí a tugadh do chomhlachtaí leathstáit/údaráis áitiúla<br>5. Barrachas comhlachtaí leathstáit.<br>6. Iarmhéideanna ranna.<br>7. Scéim Duaisbhannaí.<br>8. Táillí a gearradh le haghaidh seirbhísí stáit | 1. Tuarastail fhostaithe uile an stáit<br>2. Costas na ranna rialtais a reáchtáil<br>3. Costas na n-institiúidí stáit a reáchtáil (scoileanna, ospidéil, príosúin, an Phríomh-Oifig Staidrimh, an tOmbudsman)<br>4. Íocaíochtaí leasa shóisialaigh<br>5. An tseirbhís fónaimh don fhiachas náisiúnta<br>6. Deontais d'údaráis áitiúla<br>7. Deonachán na hÉireann le buiséad an Aontais Eorpaigh. |
| **2 x 3 mharc an ceann = 6** | **2 x 3 mharc an ceann = 6** |

(b) Tá Rialtas na hÉireann ag smaoineamh ar mhuirir uisce a thabhairt isteach do theaghlaigh.

(i) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** chúis eacnamaíocha go dtabharfaí isteach na muirir seo.
(ii) Déan plé ar **dhá** bhealach eacnamaíocha a rachadh na muirir seo i bhfeidhm ar theaghlaigh.

**(20 marc)**

| **Cúiseanna eacnamaíochta** go dtabharfaí isteach na muirir seo. | **Tionchar eacnamaíochta** na muirear seo ar theaghlaigh |
|---|---|
| **1. Ioncam don rialtais** Cabhróidh na muirir seo ioncam a bhailiú le haghaidh an stáit. | **1. Caighdeán maireachtála níos ísle** Titfidh ioncam indiúscartha agus rachaidh seo i bhfeidhm ar chaighdeán maireachtála daoine. |
| **2. Seachaint a dhíothú** Níl bealach ar bith ann gur féidir na muirir seo a sheachaint agus ar an ábhar sin, foinse níos sainithe ioncaim a bheidh ann don rialtas/cabhróidh siad leis an rialtas pleanáil níos fearr airgeadais a dhéanamh. | **2. Éagothromasach** Ar dhaoine ag a bhfuil ioncam íseal is mó a d'fhéadfadh na muirir seo dul i bhfeidhm, e.g. úsáidfidh teaghlach mór níos mó uisce agus íocfar muirir uisce níos mó dá bharr. |
| **3. Fostaíocht sa mhéadrú** Cruthófar poist agus na córais mhéadraithe á dtabhairt isteach i dtithe etc. | **3. Fás laghdaithe geilleagrach** Beidh níos lú ioncam indiúscartha le caitheamh ag daoine, mar sin, titfidh an t-éileamh agus laghdóidh seo fás geilleagrach ar an údar sin. |
| **4. Forbairt bonneagair** D'fhéadfaí an t-ioncam a gheofar a infheistiú chun an bonneagar soláthar uisce a fheabhsú, gníomh a laghdódh an méid uisce a chuirtear amú ó phíopaí a ndearnadh díobháil dóibh. | **4. Buiséadú teaghlaigh** Ní mór do theaghlaigh pleanáil a dhéanamh do na muirir seo agus, mar sin, bainistiú níos cúramaí a dhéanamh ar airgeadas. Ina theannta sin, tá deischostas i gceist leo sa mhéid is go bhféadfaí an t-ioncam a chaitheamh ar rud éigin eile. |
| **5. Caomhnú uisce** Más gá do dhaoine íoc as muirir uisce b'fhéidir go mbainfidh siad úsáid níos tíosaí as agus stop a chur lena chur amú. | |
| **2 x 5 mharc an ceann. Luaigh: 2 mharc. Mínigh: 3 mharc** | **2 x 5 mharc an ceann. Luaigh: 2 mharc. Mínigh: 3 mharc** |

(c) Tá Fiachas Náisiúnta na hÉireann mar chéatadán den OTN (*GDP*) ag méadú i gcónaí.

(i) Mínigh an téarma a bhfuil líne faoi.

(ii) Cad dó a seasann na ceannlitreacha OTN?

(iii) Luaigh cúis **amháin** atá le Fiachas Náisiúnta na hÉireann a bheith ag méadú le déanaí.

(iv) Luaigh agus mínigh **dhá** mhíbhuntáiste eacnamaíocha a d'fhéadfadh a bheith mar thoradh ar an méadú seo ar Fhiachas Náisiúnta na hÉireann. **(30 marc)**

(i) Fiachas Náisiúnta: an **tsuim iomlán/charnach** d'**iasachtaíocht an rialtais** atá **gan íoc**.

**3 mharc** **2 mharc** **1 mharc**

(ii) OTN: **Olltáirgeacht Intíre** **6 mharc (2 + 2 + 2)**

(ii) Cúis **amháin** atá le Fiachas Náisiúnta na hÉireann a bheith ag méadú le déanaí:

1. **Iasachtaíocht mhéadaithe ag an stát le haghaidh easnamh ar an mbuiséad reatha.** (ioncam cánach laghdaithe/caiteachas reatha méadaithe)
2. **Iasachtaíocht mhéadaithe ag an stát le haghaidh tionscadail bhonneagair.**
3. **Rátaí méadaithe úis ar na hiasachtaí.**
4. **Iasachtaíocht chun airgead a chur ar fáil do tharrtháil banc an stáit.**

**1 x 6 mharc**

(iv) **Dhá** mhíbhuntáiste eacnamaíocha den mhéadú ar fhiachas náisiúnta na hÉireann.

**1. Deischostais lena mbaineann**

Agus níos mó cistí á n-úsáid chun íoc as ár gcuid aisíocaíochtaí bliantúla úis, tá níos lú cistí ar fáil ag an rialtas le caitheamh chun críocha eile.

**2. Ualach méadaithe ar cháiníocóirí**

Ciallaíonn an méadú seo go mbeidh ar an rialtas breithniú a dhéanamh ar chánacha a mhéadú amach anseo; muirir nua theaghlaigh a thabhairt isteach etc. agus beidh caighdeán níos ísle maireachtála ina thoradh air seo.

**3. Ús méadaithe bliantúil ar aisíocaíochtaí**

Ciallaíonn fiachas méadaithe náisiúnta go bhfuil costas bliantúil ár bhfiachais náisiúnta ag dul i méid.

**4. Soláthar seirbhísí poiblí i mbaol/ciorruithe ar chaiteachas an rialtais**

De bharr méadú ar an bhfiachas náisiúnta, tá an rialtas tar éis an caiteachas ar sheirbhísí poiblí a chiorrú, agus is meath ar sholáthar roinnt seirbhísí atá ina thoradh air seo, e.g. an tseirbhís sláinte; an tseirbhís oideachais.

**5. Muinín laghdaithe an phobail**

D'fhéadfadh saoránaigh a muinín as an ngeilleagar a chailleadh agus a gcuid caiteachais a laghdú mar gheall air seo. D'fhéadfadh seo an fás geilleagrach a bhreislaghdú.

**6. Rátáil laghdaithe chreidmheasa idirnáisiúnta**

Ciallaíonn an chaoi go meastar go bhfuil fiachas náisiúnta atá ag dul i méid ag Éirinn go bhfuil meath ag teacht ar ár rátáil chreidmheasa.

**7. An tAE/CAI: coinníollacha a cuireadh i bhfeidhm ar Éirinn**

Chuir an tAE/CAI coinníollacha lenár n-iasachtaíocht agus, mar sin, ní mór tabhairt faoi ghníomhaíocht cheartaithe i ndáil le saincheisteanna beartais eacnamaíochta agus comhaontú an AE/CAI a fháil.

**2 phointe x 6 mharc an ceann.**
**Luaigh: 3 mharc. Mínigh: 3 mharc.**

## C6 Ioncam Náisiúnta, Eastáit Bhánaithe agus Bonneagar

(a) Insíonn 'Éifeacht an Iolraitheora' dúinn cén méadú a thiocfadh ar an Ioncam Náisiúnta tar éis méid áirithe airgid a instealladh sa gheilleagar (e.g. méadú ar chaiteachas an rialtais).

(i) Mínigh an téarma a bhfuil líne faoi.
(ii) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bhealach eacnamaíocha a bhféadfadh instealladh airgid dul i bhfeidhm ar gheilleagar.
(iii) Tugtar an t-eolas seo a leanas:
**Is é €600m an tIoncam Náisiúnta; is é 2 an tIolraitheoir; is é €20m an tInstealladh**.
Ríomh leibhéal nua an Ioncaim Náisiúnta (taispeáin do chuid oibre). **(25 mharc)**

(i) Ioncam Náisiúnta:

**An t-ioncam a thuill buanchónaitheoirí tíre** *ó* **ghníomhaíocht reatha eacnamaíoch** i mbliain amháin.

**2 mharc** **2 mharc** **2 mharc**

(ii) **Dhá** bhealach eacnamaíocha a bhféadfadh instealladh airgid dul i bhfeidhm ar an ngeilleagar:

**1. Méadú ar an éileamh**
Eascróidh méadú ar an éileamh ar earraí agus ar sheirbhísí laistigh de gheilleagar as instealladh.

**2. Méadú ar an bhfostaíocht**
Ba cheart go n-eascróidh cruthú níos mó post laistigh de gheilleagar as caiteachas méadaithe.

**3. Boilsciú méadaithe**
Beidh praghsanna faoi bhrú méadú nuair atá caiteachas níos mó i gceist.

**4. Coigilteas méadaithe**
Beidh ioncam níos mó ina thoradh ar éileamh níos mó agus is féidir cuid den ioncam seo a choigilt.

**5. Allmhairí méadaithe**
Agus níos mó á chaitheamh ar earraí agus ar sheirbhísí, rachaidh an t-éileamh ar allmhairí i méid (de thairbhe MPM).

**6. Ioncam rialtais**
Beidh ioncam méadaithe cánachais ina thoradh ar instealladh a mhéadaíonn an caiteachas agus an fhostaíocht.

**2 x 6 mharc an ceann.**
**Luaigh: 3 mharc. Mínigh: 3 mharc.**

(iii) Tugtar an t-eolas seo a leanas:
**Is é €600m an tIoncam Náisiúnta; is é 2 an tIolraitheoir; is é €20m an tInstealladh**.
Ríomh leibhéal nua an Ioncaim Náisiúnta (taispeáin do chuid oibre).

**€20m x 2 = €40m + €600m = €640m**

**1 mharc 1 mharc 1 mharc 1 mharc 3 mharc**

(b) Eascraíonn fadhbanna don mhargadh tithíochta in Éirinn as an titim san éileamh ar thithe cónaithe agus as 'na heastáit bhánaithe' (i.e. eastáit tithíochta neamhchríochnaithe) atá ann.

(i) Luaigh agus mínigh **dhá** chúis atá leis an titim san éileamh ar thithe cónaithe.

(ii) Luaigh agus mínigh cúis **amháin** leis an bhfás ar líon 'na n-eastát bánaithe' seo.

(iii) Mol **dhá** bheart eacnamaíocha a d'fhéadfadh an Rialtas a dhéanamh maidir leis 'na heastáit bhánaithe' seo. **(25 mharc)**

(i) **Dhá** chúis leis an titim san éileamh ar thithe cónaithe.

| Cúiseanna | Míniúchán |
|---|---|
| **Rátaí úis níos airde** | Tháinig méadú ar rátaí úis agus is éard atá ina thoradh air seo níos lú daoine ag lorg morgáistí, as ar eascair laghduithe ar iasachtú morgáistí i measc institiúidí airgeadais. |
| **Fáil ar iasachtaí** | Tá easpa cistí i measc institiúidí airgeadais agus chuir siad cosc ar iasachtú le déanaí |
| **An cúlú eacnamaíochta** | Agus laghdú ag teacht ar an ráta fáis gheilleagraigh mar aon le méadú ar dhífhostaíocht, tá níos lú daoine ag baint an mhargaidh mhaoine amach, agus tá an t-éileamh ag dul i laghad, ar an údar sin. |
| **Amhantraíocht i dtithe.** | Déanann praghsanna maoine atá ag dul i laghad an t-éileamh amhantrach a laghdú agus níos lú daoine ag dul sa tóir ar dheiseanna infheistíochta i maoine. Déanann seo an t-éileamh ar réadmhaoin chónaithe a laghdú. |
| **Ionchais maidir le: praghsanna amach anseo** | Tharlódh go gcinnfidh roinnt daoine ceannach i láthair na huaire a chur siar, agus iad ag súil go leanfaidh an titim ar phraghsanna maoine de mhéid níos mó fiú amach anseo. |
| **Eisimirce mhéadaithe/inimirce laghdaithe** | Tá breis agus broghadh ag teacht ar eisimirce agus tá titim ag teacht ar inimirce, agus déanann seo an t-éileamh ar mhaoine cónaithe a laghdú. |
| **2 x 6 mharc an ceann. Luaigh: 3 mharc. Mínigh: 3 mharc.** | |

(ii) Luaigh agus mínigh cúis **amháin** leis an bhfás ar líon 'na n-eastát bánaithe' seo.

**1. Barrachas tithe**
Tógadh an iomad tithe le linn na tréimhse 'borrtha' agus is ann anois do bharrachas tithe agus titim ag teacht ar an éileamh ar thithe.

**2. Forbróirí ag éirí féimheach/easpa airgeadais**
Agus an tóin tite as an earnáil baincéireachta mar aon leis an gcúlú eacnamaíochta, d'éirigh roinnt forbróirí féimheach agus ní raibh sé ar a gcumas acu na heastáit seo a thabhairt chun críche. Níl na forbróirí atá ag leanúint leis an ngnó in ann teacht ar an airgeadas leis na heastáit a chríochnú.

**3. Dífhostaíocht/An cúlú eacnamaíochta**
Agus borradh ag teacht ar an dífhostaíocht, níl sé ar a gcumas ag daoine morgáistí a fháil agus tá titim tagtha ar an éileamh ar mhaoine, agus tá seo ina údar le stoc barrachais tithe.

**1 x 5 mharc. Luaigh: 2 mharc. Mínigh: 3 mharc.**

(iii) Mol **dhá** bheart eacnamaíocha a d'fhéadfadh an Rialtas a dhéanamh maidir leis 'na heastáit bhánaithe' seo.

**1. Na tithe gan chríochnú a scartáil, agus fostaíocht a chruthú leis sin.**
**2. Na tithe a chríochnú agus iad a chur ar fáil le haghaidh tithíocht shóisialta ansin.**
**3. Na tithe a chríochnú agus iarracht a dhéanamh iad a dhíol ar an margadh oscailte.**

**2 x 4 mharc an ceann.**

(c) Tá Cónaidhm Thionscal na Foirgníochta (CIF i mBéarla) i bhfabhar méadú a dhéanamh ar chaiteachas Rialtas na hÉireann ar an mbonneagar. Bíonn deischostas ag baint le caiteachas den sórt seo, áfach.

(i) Mínigh **gach** ceann de na téarmaí a bhfuil líne fúthu.

(ii) Luaigh **dhá** shampla de mhórthionscadail bhonneagair in Éirinn le déanaí.

(iii) Tabhair breac-chuntas ar buntáiste eacnamaíoch **amháin** a thiocfadh as leanúint ar aghaidh ag caitheamh airgid ar bhonneagar na hÉireann. **(25 mharc)**

(i) Bonneagar: **6 mharc**

- Na hearraí/seirbhísí sin atá **riachtanach le haghaidh reáchtáil gan stró geilleagair/**
- Na hearraí/seirbhísí sin **a theastaíonn ón tionscal le feidhmiú i gceart.**
- **Trealamh caipitil** a úsáidtear le **seirbhísí ar a bhfuil fáil phoiblí a sholáthar**

(Samplaí: iompar, teileachumarsáid, leictreachas agus gás, soláthairtí uisce: **3 mharc**)

Deischostas: **6 mharc**

- **Costas na roghanna eile a tharscaoiltear.**
- **Costas na chéad rogha eile is fearr a scaoileadh tharat agus rogha á dhéanamh agat.**
- **An méid earraí/seirbhísí eile a d'fhéadfaí a fháil in ionad aon earra.**

(ii) **Dhá** shampla de mhórthionscadail bhonneagair in Éirinn le déanaí

| | |
|---|---|
| • **Críochfort 2 Aerfort Bhaile Átha Cliath**<br>• **Críochfort Nua Aerfort Chorcaí**<br>• **Mótarbhealaí ar fud an hÉireann**<br>• **An Lárionad Náisiúnta Comhdhála**<br>• **Baile Átha Cliath** | •**Leathanbhanda**<br>•**Nasc an Luais Siar go Teach Sagard**<br>•**Tollán Luimnigh/na Sionainne** |

**2 x 4 mharc an ceann.**

(iii) Buntáiste eacnamaíoch **amháin** a thiocfadh as leanúint ar aghaidh ag caitheamh airgid ar bhonneagar na hÉireann.

**1. Costas laghdaithe an chríochnaithe**
Agus an cúlú eacnamaíochta inár dteannta tá costas na dtionscadal seo tithíochta a thabhairt chun críche níos ísle, mar sin, d'fhéadfadh ciall gheilleagrach a bheith le leanúint leis na tionscnaimh seo.

**2. Fáil ar shaothar**
Tá líonta móra daoine dífhostaithe san earnáil tógála agus trí na tionscadail a thabhairt chun críche anois, thiocfadh titim ar an dífhostaíocht agus bheadh an stát in ann an leas ab fhearr a bhaint as an saothar ar a bhfuil fáil.

**3. Fás geilleagrach**
Chabhródh caiteachas méadaithe leis an éileamh a bhreisiú, gníomh a mhéadódh fás geilleagrach in Éirinn. D'fhéadfadh bonneagar feabhsaithe gnólachtaí a spreagadh chun feidhmiú/FDI a mhealladh.

**4. Caighdeán maireachtála**
Rachadh caighdeán maireachtála na ndaoine atá fostaithe sna tionscadail seo chun feabhais. Thiocfadh breisiú ar chaighdeán maireachtála na saoránach tráth críochnaithe na dtionscadal seo de thairbhe fáil ar an mbonneagar feabhsaithe seo.

**1 x 5 mharc.**
**Luaigh: 2 mharc. Mínigh: 3 mharc.**

## C7 Airgead, Baincéireacht agus Keynes

(a) Is cineál amháin airgid é airgeadra. Tá stór saibhris ar cheann de na feidhmeanna atá ag an airgead.

- (i) Mínigh **gach** ceann de na téarmaí a bhfuil líne fúthu.
- (ii) Luaigh agus mínigh **dhá** fheidhm eile atá ag an airgead.
- (iii) Luaigh sampla **amháin** d'airgead, seachas airgeadra. **(25 mharc)**

(i) Airgeadra**: 5 mharc**
**Nótaí agus boinn** a úsáidtear le hearraí agus le seirbhísí a cheannach.

Stóras saibhris: **5 mharc**
**Ligeann sé do dhaoine airgead a choigilt don todhchaí.**

(ii) **Dhá** fheidhm eile atá ag an airgead

**Meán malairte**
- Ligeann airgead do dhaoine earraí agus seirbhísí a fháil.
- Ligeann sé do bhriseadh síos ceannach agus díol earraí/seirbhísí in dhá ghníomhaíocht ar leith.

**Tomhas luacha**
- Cuireann airgead praghas ar earraí agus seirbhísí.

**An caighdeán i gcomhair Íocaíocht Iarchurtha**
- Tá sé de chumas ag airgead luach a thomhas le haghaidh dáta amach anseo.
- Is féidir trádáil creidmheasa (i.e. ceannach agus díol) a dhéanamh de thairbhe airgid.

**2 x 5 mharc.**
**Luaigh: 2 mharc. Mínigh: 3 mharc**

(iii) Sampla **amháin** d'airgead, seachas airgeadra

- **Seiceanna**
- **Cártaí Creidmheasa**
- **Cártaí Dochair**

**1 x 5 mharc**

(b) Táthar tar éis roinnt banc a <u>náisiúnú</u> agus tá roinnt banc eile tar éis a gcuid oibríochtaí in Éirinn a dhúnadh.

(i) Mínigh an téarma a bhfuil líne faoi agus ainmnigh banc **amháin** a náisiúnaíodh.

(ii) Déan plé ar bhealach eacnamaíoch **amháin** a bhféadfadh dúnadh bainc dul i bhfeidhm ar **gach** ceann díobh seo a leanas:

- Custaiméirí gnó;
- Fostaithe an bhainc;
- Scairshealbhóirí an bhainc. **(25 mharc)**

(i) Mínigh an téarma a bhfuil líne faoi agus ainmnigh banc **amháin** a náisiúnaíodh.

A náisiúnú – **5 mharc**

**Bainc a thabhairt faoi <u>úinéireacht an rialtais/úinéireacht phoiblí</u>.**

Banc **amháin** a náisiúnaíodh – **2 mharc**

**Banc-Chorparáid Angla-Éireannach**

(ii) Bealach eacnamaíoch **amháin** (**in aghaidh an ghrúpa**) a bhféadfadh dúnadh bainc dul i bhfeidhm ar gach ceann díobh seo a leanas:

| Grúpa | Tionchar eacnamaíochta |
|---|---|
| **Custaiméirí gnó** | **1. Caillteanas seirbhíse áitiúla/costais níos airde**<br>Beidh ar an ngnólacht socruithe eile a dhéanamh dá gcuid seirbhísí baincéireachta, a d'fhéadfadh costais a ardú.<br>**2. Míchaoithiúlacht**<br>D'fhéadfadh níos mó stró a bheith i gceist le hairgead a chur i dtaisce agus na saincheisteanna iarmhartacha slándála lena mbaineann i gceist.<br>**3. Easpa caidrimh leis an mbainisteoir bainc/fadhbanna maidir le sreabhadh airgid**<br>Ní mór do ghnólacht caidreamh gnó a chruthú d'fhonn rótharraingt bhainc/áiseanna iasachtaithe a fháil. Mura bhfuil aithne phearsanta ag an mbainisteoir bainc orthu, d'fhéadfadh deacrachtaí sreabhadh airgid a bheith acu. |
| **Fostaithe** | **1. Caillteanas post**<br>D'fhéadfadh roinnt fostaithe a bpost a chailleadh de thairbhe dhúnadh an bhainc.<br>**2. Athshuí**<br>D'fhéadfaí poist a thairiscint do roinnt fostaithe i suíomh nua, ach mhéadófaí costais/míchaoithiúlacht chun an t-ionad oibre a bhaint amach mar thoradh air seo. |
| **Scairshealbhóirí** | **1. Brabúis laghdaithe**<br>Má bhíonn an banc thíos le caillteanas custaiméirí, d'fhéadfadh seo na brabúis a laghdú, agus bheadh díbhinní laghdaithe i gceist do na scairshealbhóirí mar thoradh air seo.<br>**2. Drochphoiblíocht**<br>D'fhéadfadh an banc a bheith thíos le drochphoiblíocht, a d'fhéadfadh scairshealbhóirí a dhíspreagadh ó infheistiú a dhéanamh sa bhanc.<br>**3. Laghdú ar an scairphraghas**<br>D'fhéadfadh cailleadh muiníne i measc scairshealbhóirí mar aon leis an bhféidearthacht go laghdófaí na brabúis a bheith ina thoradh ar scairphraghas laghdaitheach agus d'fhéadfadh seo uile a bheith mar bhonn do laghdú ar luach infheistíochta na scairshealbhóirí. |
| **3 phointe x 6 mharc an ceann. Luaigh: 3 mharc. Mínigh: 3 mharc.** | |

(c) (i) Dúirt an t-eacnamaí, John Maynard Keynes, go bhfuil thrí chineál cúise ag daoine lena gcuid maoine a choimeád i bhfoirm airgid thirim:

- **Cúiseanna Idirbheartaíochta**;
- **Cúiseanna Réamhchúramacha**;
- **Cúiseanna Amhantracha**.

Mínigh **gach** ceann de na cúiseanna thuasluaite.

(ii) Bhí Keynes i bhfabhar le rialtas a bheith rannpháirteach sa gheilleagar. An aontaíonn tú le Keynes? Tabhair breac-chuntas ar chúis **amháin** le do fhreagra. **(25 mharc)**

(i)

| Cúiseanna | Míniúchán |
|---|---|
| Idirbheartaíochta | **Teastaíonn airgead ó dhaoine chun earraí agus seirbhísí a cheannach** |
| Réamhchúramacha | **Teastaíonn airgead le haghaidh éigeandálaí/le haghaidh 'na coise tinne'.** |
| Amhantracha | **Teastaíonn airgead le teacht i dtír ar na deiseanna féideartha brabúsacha infheistíochta.** |
| **3 x 6 mharc an ceann** | |

(ii) Bhí Keynes i bhfabhar le rialtas a bheith rannpháirteach sa gheilleagar. An aontaíonn tú le Keynes? Tabhair breac-chuntas ar chúis **amháin** le do fhreagra.

Aontaím/Ní Aontaím. **1 mharc. Luaigh: 3 mharc. Mínigh: 3 mharc.**

| Cúiseanna le haontú | Cúiseanna le heasaontú |
|---|---|
| **Saibhreas a athdháileadh**<br>Is féidir leis an rialtas cánachas a ardú agus é seo a athdháileadh ar na daoine óna dteastaíonn sé. | **Cánachas laghdaithe**<br>D'fhéadfadh cánachas laghdaithe le haghaidh cáiníocóirí a bheith ina thoradh ar níos lú trasnaíocht rialtais chomh maith le caighdeán méadaithe maireachtála. |
| **Seirbhísí ríthábhachtacha**<br>Is féidir seirbhísí do shaoránaigh lena mbaineann ríthábhacht a chur ar fáil, e.g. póilíneacht, sláintíocht etc. | **Seirbhísí costasacha/neamhéifeachtúla**<br>D'fhéadfadh na seirbhísí stáit a bheith á soláthar ag praghsanna níos airde de thairbhe easpa iomaíochta sa mhargadh. |
| **Fás geilleagrach**<br>Is féidir leis an rialtas a gcuid beartas a úsáid d'fhonn feabhsú an chaighdeáin mhaireachtála a bhaint amach. | **Fiontraíocht a dhíspreagadh**<br>D'fhéadfadh méadú teacht ar chostais ghnó de bharr cánacha/muirir riaracháin/rialúchán méadaithe – d'fhéadfadh seo fiontraíocht a dhíspreagadh. |
| **Fostaíocht a chruthú**<br>Trí dhíriú ar a mbeartais eacnamaíochta, d'fhéadfaí poist a chruthú sa stáit go díreach. | **Srian a chur ar fhás geilleagrach**<br>D'fhéadfadh cur isteach/idirghabháil iomarcach stáit a bheith ina bonn le 'stát róchaomhnach' agus, le níos lú gníomhaíocht phríobháideach eacnamaíoch le sonrú, srian a chur ar fhás geilleagrach. |
| **Tomhaltóirí a chosaint**<br>D'fhéadfadh reachtaíocht agus rialúchán lámh chúnta a thabhairt do thomhaltóirí a chosaint ó dhúshaothrú ag an ngnó. | **Iasachtaíocht an rialtais**<br>D'eascair breisiú ar iasachtaíocht an rialtais chomh maith le hardú ar fhiachas náisiúnta na tíre as idirghabháil an rialtais. |
| **Cosc a chur ar fhás monaplachtaí príobháideacha**<br>D'fhéadfadh reachtaíocht cosc a chur ar fhás monaplachtaí príobháideacha a d'fhéadfadh tomhaltóirí a dhúshaothrú. | |

## C8 Daonra, Scor agus Forbairt Eacnamaíochta

(a) In Aibreán 2011, rinne an POS (CSO i mBéarla) <u>Daonáireamh</u> ar chostas measta €60m.
(i) Cad dó a seasann na ceannlitreacha POS?
(ii) Mínigh cad is ciall leis an téarma a bhfuil líne faoi.
(iii) Mínigh úsáid **amháin** a d'fhéadfadh **gach** ceann díobh seo a leanas a bhaint as an eolas a bhailítear: Gnólacht; Rialtas Áitiúil i.e. do Chomhairle Contae / Chomhairle Baile áitiúil; an Rialtas Láir **(25m)**

(i) PSO: **An Phríomh-Oifig Staidrimh 9 marc (3 + 3 + 3)**
(ii) Daonáireamh
**Seo é an comhaireamh oifigiúil ar dhaonra na tíre. 4 mharc**
(iii) Úsáid **amháin** a d'fhéadfadh gach ceann díobh seo a leanas a bhaint as na sonraí a bhailítear:

| Grúpa | Úsáid Fhéideartha Eacnamaíoch |
|---|---|
| **Gnó** | **Leibhéil éilimh an tomhaltóra**<br>Is féidir le táirgeoirí éileamh ar a n-earraí agus seirbhísí amach anseo a thuar níos cruinne.<br>**Sonraí faoin daonra**<br>Cuirtear faisnéis mhionsonraithe ar fáil faoin daonra, ar nós aoise, inscne, stádas pósta, líon na bpáistí, creidimh, etc. – tugann sé seo faisnéis mhionsonraithe do ghnólachtaí faoina margadh.<br>**An margadh saothair**<br>Féadfaidh gnólachtaí leas a bhaint as na sonraí le fáil amach an féidir leo freastal ar a gcuid riachtanais saothair amach anseo. |
| **Rialtas áitiúil** | **Riachtanais tithíochta**<br>Is féidir leis an údarás áitiúil a ngátar le tithe údaráis áitiúil amach anseo a thuar.<br>**Soláthar seirbhísí**<br>Is féidir leis an údarás a gcuid gátar le hiompar poiblí, le scoileanna etc. a thuar.<br>**An gá atá le háiseanna don daonra**<br>Is féidir leis an údarás pleanáil a dhéanamh le haghaidh áiseanna miondíola, caitheamh aimsire etc. dá dhaonra. |
| **An Rialtas Láir** | **Riachtanais bhonneagair**<br>Cúnamh é don rialtas pleanáil i gcomhair riachtanais bhonneagair amach anseo, e.g. scoileanna, bóithre etc.<br>**Soláthar seirbhísí ríthábhachtacha**<br>Cuireann sé in iúl má theastaíonn infheistíocht bhreise i seirbhísí, i.e. sláinte, oideachas etc. Ina theannta sin, tabharfaidh an fhaisnéis a chuirtear ar fáil lámh chúnta don rialtas maidir lena mbuiséad reatha a réiteach.<br>**Pleanáil pinsin/airgeadais**<br>Is féidir leis an rialtas tuar níos cruinne a dhéanamh maidir le cén soláthar ar chóir a dhéanamh le haghaidh pinsean, sochair linbh etc. amach anseo.<br>**Athruithe déimeagrafacha**<br>Cuireann sé faisnéis ar fáil faoi athruithe déimeagrafacha go náisiúnta. Ar bhonn réigiúnach, is cúnamh é don rialtas pleanáil le haghaidh riachtanais na réigiún amach anseo.<br>**Cáilíochtaí an lucht saothair**<br>Tugtar sonraí ann faoi cháilíochtaí oideachais/leibhéil oiliúna a bhain an lucht saothair amach – is féidir leis seo cúnamh a thabhairt don rialtas pleanáil i gcomhair forbartha ar sheirbhísí oideachais agus oiliúna amach anseo. |
| **3 x 4 mharc an ceann – POINTE AMHÁIN IN AGHAIDH AN GHRÚPA. Luaigh: 2 mharc. Mínigh: 2 mharc.** | |

(b) Rinne Rialtas na hÉireann an aois scoir reachtúil a ardú ó 65 bliain go dtí 68 bliain.

(i) Luaigh agus mínigh **cúis amháin** a thug ar Rialtas na hÉireann an aois scoir a ardú.

(ii) Luaigh agus mínigh bealach eacnamaíoch **amháin** a bhféadfadh ardú san aois scoir dul i bhfeidhm ar **gach** ceann díobh seo a leanas:

- Margadh saothair na hÉireann;
- Caiteachas tomhaltóirí. **(20 marc)**

(i) **Cúis amháin** a thug ar Rialtas na hÉireann an aois scoir a ardú.

**1. Costais phinsean amach anseo a laghdú/soláthar seirbhísí do 'aostaigh'**
Rachaidh daoine ar scor ag aois níos sine agus baineann seo costas a bpinsean/soláthar seirbhísí den rialtas/leanann an rialtas ar aghaidh ag tuilleamh ioncam cánach óna bhfostaíocht leanúnach.

**2. Aois níos sine á slánú ag daoine.**
De bharr go bhfuil daoine ag maireachtáil níos faide, tharlódh gur mhian leo oibriú níos faide agus ligeann seo do dhaoine leanúint leis an obair.

**3. Lucht taithíoch saothair a choimeád**
Tríd an aois scoir a mhéadú, coimeádtar oibrithe taithíocha agus d'fhéadfadh seo a bheith ina bhonn le héifeachtúlacht níos mó san áit oibre/soláthar níos fearr seirbhísí poiblí/costas laghdaithe oiliúna le haghaidh oibrithe nua.

**1 x 8 marc.**
**Luaigh: 4 mharc. Mínigh: 4 mharc.**

(ii) Bealach eacnamaíoch **amháin** a bhféadfadh ardú san aois scoir dul i bhfeidhm ar **gach ceann** díobh seo a leanas:

| Toisc | Míniúchán |
|---|---|
| **Margadh Saothair na hÉireann** | **1. Folúntais laghdaithe phoist/iomaíocht mhéadaithe le haghaidh post**<br>D'fhéadfadh dífhostaíocht mhéadaithe eascairt as seo dóibh siúd atá ag lorg poist, e.g. céimithe; lucht fágála na scoile/iomaíocht mhéadaithe i measc oibrithe le haghaidh folúntais theoranta phoist.<br><br>**2. Laethanta as láthair de bharr tinnis**<br>De réir mar a théann an lucht saothair anonn in aois, d'fhéadfadh méadú teacht ar bhreoiteacht/thinneas a bhíonn ina údar le laethanta as láthair.<br><br>**3. Táirgiúlacht**<br>D'fhéadfadh níos mó scileanna/oiliúna/taithí a bheith ag oibrithe níos aosta agus d'fhéadfaidís a bheith níos táirgiúla mar sin. Ina mhalairt de chás, d'fhéadfaidís éirí tuirseach agus sa chás sin, thiocfadh titim ar an táirgiúlacht.<br><br>**4. Costais níos ísle oiliúna (sa ghearrthréimhse)**<br>Agus níos lú oibrithe ag dul ar scor, d'fhéadfadh an costas ar oiliúint a chur ar oibrithe dul i laghad. |
| **Caiteachais tomhaltóirí** | **1. Caiteachas méadaithe ag na hoibrithe sin a coimeádadh**<br>Cuireann pánna/tuarastail ioncam indiúscartha níos mó ar fáil agus, ar an údar sin, d'fhéadfadh breisiú teacht ar a gcaiteachas.<br><br>**2. Patrún athruithe caiteachais**<br>De bharr chomhshuíomh athraithe an lucht saothair, d'fhéadfadh athrú teacht ar an bpátrún caiteachais. |
| **2 x 6 mharc an ceann. Luaigh: 3 mharc. Mínigh: 3 mharc.** | |

(c) Tá Rialtas na hÉireann ag caitheamh airgid i gcónaí ar chúnamh airgid, chun forbairt eacnamaíoch a mhaoiniú i dtíortha i mbéal forbartha, cé go bhfuil laghdú déanta air seo.

(i) Mínigh an téarma a bhfuil líne faoi.
(ii) Luaigh agus mínigh **dhá** bhealach eacnamaíocha a bhféadfadh an **laghdú** seo ar an gcúnamh airgeadais dul i bhfeidhm ar na saoránaigh i dtíortha i mbéal forbartha.
(iii) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bheart a d'fhéadfadh **rialtais na dtíortha i mbéal forbartha** a dhéanamh chun feabhas a chur ar chaighdeán maireachtála a gcuid saoránach.

**(30 marc)**

(i) Forbairt eacnamaíoch: **6 mharc**

**Méadú ar an leibhéal ioncaim** caighdeán maireachtála/aschur/ OTN **in aghaidh an duine** chomh maith le **hathrú ar chomhdhéanamh na sochaí.**

**An 1ú freagairt cheart: 4 mharc**
**An 2ú freagairt cheart: 2 mharc**

(ii) **Dhá** bhealach eacnamaíocha a bhféadfadh an laghdú seo ar an gcúnamh airgeadais dul i bhfeidhm ar na saoránaigh i dtíortha i mbéal forbartha

**1. Laghdú ar an gcaighdeán maireachtála**
Agus níos lú airgid ag gabháil isteach sa gheilleagar, tiocfaidh meath ar an meánchaighdeán maireachtála.

**2. Meath ar bhonneagar**
Is iad na himpleachtaí lena mbaineann cúnamh laghdaithe go gcaithfidh an rialtas/eagraíochtaí deonacha níos lú airgid ar an mbonneagar agus go mbeidh saoránaigh thíos leis na hiarmhairtí.

**3. Bochtaineacht mhéadaithe**
Is gnách gurb iad na daoine siúd a bhraitheann ar chúnamh airgeadais na daoine is boichte agus, ar an ábhar sin, is iad seo is mó a bheidh thíos leis, agus is í bochtaineacht mhéadaithe laistigh de thíortha i mbéal forbartha a eascróidh as seo.

**4. Básrátaí méadaithe**
Dá n-úsáidtí cúnamh airgeadais le bia a cheannach, d'fhéadfadh roinnt daoine sna tíortha i mbéal forbartha a bheith ar an ngannchuid i dtaobh bia de.

**5. Meath ar sholáthar seirbhísí**
D'fhéadfadh go bhfuil easpa airgeadais ag na seirbhísí siúd a bhraitheann ar chúnamh airgeadais agus d'fhéadfadh seo a bheith ina bhonn lena ndúnadh nó lena gcrapadh, e.g. scoileanna, soláthar cúram sláinte etc.

**2 phointe x 6 mharc an ceann.**
**Luaigh: 3 mharc. Mínigh: 3 mharc**

(iii) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bheart a d'fhéadfadh **rialtais na dtíortha i mbéal forbartha** a dhéanamh chun feabhas a chur ar **chaighdeán maireachtála** a gcuid saoránach.

**1. Rialú ar dhaonra a chur chun cinn**
D'fhéadfadh rialtais laghdú ar an daonra a spreagadh trí thabhairt faoi bhearta éagsúla a dhéanfadh leas a gcuid saoránach a chur chun feabhais.

**2. An bunbhonneagar a fheabhsú**
Cabhróidh soláthar uisce ghlan mar aon le sláintíocht cheart feabhas a chur ar an gcaighdeán maireachtála.
Tithíocht bhunúsach a sholáthar mar aon le forbairt bóithre, soláthairtí cumhachta etc.
D'fhéadfadh na feabhsúcháin seo cabhrú le CINanna a mhealladh chun na tíre agus cabhrú le poist a chruthú.

**3. Leasú na talún/na talmhaíochta a chur chun cinn.**
Bainfidh breis daoine sochar as má dhéantar úinéireacht talún a fhairsingiú.
Déanfaidh modhanna feabhsaithe táirgeachta an tionscal talmhaíochta a nuachóiriú.
Tríd an mbéim ar bharr amháin a laghdú/tríd an táirgeacht a éagsúlú, d'fhéadfaí cabhrú le hioncam a mhéadú.

**4. An t-oideachas a fheabhsú**
Clár litearthachta bunúsaí d'fhonn barr feabhais a chur ar scileanna litearthachta.
Oideachas bunscoile a chur ar fáil.
An earnáil mheánscoile a fhorbairt mar aon le tús a chur le cláir bhreisoideachais.
Scileanna teicniúla a chur ar fáil don daonra.

**5. Seirbhísí níos fearr a chur ar fáil**
D'fhéadfadh an rialtas seirbhísí dá gcuid saoránach a chur ar fáil, e.g. soláthar cúram sláinte; seirbhísí sóisialta etc.

**6. Maorlathas an Stáit/caimiléireacht/caitheamh airgid ar airm**
Maorlathas laistigh d'institiúidí an stáit a laghdú.
Caimiléireacht a dhíbirt ionas go mbaineann an cúnamh amach na daoine a bhí i gceist a bhaint amach.
Cistí a atreorú ó chaitheamh ar airm go dtí riachtanais lena mbaineann práinn níos mó.

**2 phointe x 6 mharc an ceann.**
**Luaigh: 3 mharc. Mínigh: 3 mharc.**